



Eleathanach 359



Dé Luain, an 21 Meán Fómhair 2020

Oíche Chultúir 2020

Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair, bhí Oíche Chultúir ar siúl ar fud na tíre. Seo an cúigiú bliain déag den ócáid seo agus gach bliain bíonn ócáidí ar siúl ar fud na tíre do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.

Ar ndóigh, bhí rudaí difriúil i mbliana agus bhí a lán ócáidí ar siúl ar líne.

D'fhoilsigh *Children's Books Ireland* leabhrán le cur síos ar 108 leabhar nua do dhaoine óga. Tá leabhair ann do dhaoine ó 0-18, le leabhair i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an liosta iomlán ar fáil ar a suíomh faoi *Books Make Things Better*.

Bhí ócáid speisialta acu ar *YouTube* Dé hAoine freisin, nuair a bhí scéal d'am luí ann i nGaeilge agus i mBéarla. An scéal a bhí i gceist ná 'An tOileán Thiar' le Patricia Forde, maisithe ag Nicola Bernardelli. Léigh Patricia an leabhar ar an bhfíseán.



Onóir mhór don aerfort i nDún na nGall

Eitleán ar an rúidbhealach

An tseachtain seo caite, in aerfort Dhún na nGall, fuair an fhoireann dea-scéal. Chuala siad go raibh an t-aerfort ainmnithe arís mar an t-aerfort a raibh na radhairc is áille aige ar domhan.

Seo an tríú bliain as a chéile gur tharla seo agus is mór an onóir é.


Ó eitleán ag tuirlingt go haerfort Dhún na nGall tá radhairc áille le feiceáil. Mar a fheiceann sibh sa phictiúr ar dheis, tá an rúidbhealach díreach in aice le trá mhór álainn.



rúidbhealach



trá



AC Milan i mBaile Átha Cliath

Tháinig AC Milan go Staid Tamhlacht Déardaoin an 17 Meán Fómhair le cluiche a imirt i gcoinne Shamrock Rovers. Thug an dá fhoireann aghaidh ar a chéile i gcomórtas an Europa League. Tá AC Milan i measc na foirne is láidre ar domhan.

D'imir Shamrock Rovers cluiche iontach, ach bhí AC Milan róláidir dóibh an uair seo. Chríochnaigh an cluiche 2-0. Fuair Zlatan Ibrahimovic agus Hakan Çalhanoğlu na cúil do AC Milan.

Ruagairí na Seamróige an Ghaeilge atá ar Shamrock Rovers agus is é an t-ainm ceart é mar níor stop siad in aon chor i rith an chluiche.

Tar éis an chluiche dúirt Gary O'Neill in agallamh ar RTÉ nach raibh díomá ar imreoirí Shamrock Rovers agus go raibh siad bródúil astu féin.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaelachta & Gaelcoláiochta

